2026/83

9.1.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/83 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 chun an Bholaiv agus Ógh-Oileáin na Breataine a chur le liosta na dtríú tíortha ardriosca a thug gealltanas polaitiúil ardleibhéil i scríbhinn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus a bhfuil plean gníomhaíochta forbartha acu le TFGA, agus chun Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin a bhaint den liosta sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc,lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór don Aontas sláine agus feidhmiú cuí a chórais airgeadais agus an mhargaidh inmheánaigh a chosaint go héifeachtach ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Foráiltear le Treoir (AE) 2015/849 go ndéanfaidh an Coimisiún dlínsí tríú tíortha a shainaithint a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcóras náisiúnta um sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (SA/MSC), ar bagairtí móra iad ar chórais airgeadais an Aontais ('tríú tíortha ardriosca').

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún ([2]), sainaithnítear tríú tíortha ardriosca den sórt sin.

(3) I bhfianaise leibhéal ard an chomhtháthaithe sa chóras airgeadais idirnáisiúnta, an dlúthnaisc idir oibreoirí margaidh, an líon ard idirbheart trasteorann chuig an Aontas agus ón Aontas, mar aon le leibhéal oscailteachta an mhargaidh, is bagairt ar chóras airgeadais an Aontais freisin í aon bhagairt SA/MSC ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 9(4) de Threoir (AE) 2015/849, chuir an Coimisiún an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil san áireamh, go háirithe ráitis phoiblí ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) a rinneadh i mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhar 2025, liosta TFGA de na 'Dlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu', agus tuarascálacha TFGA ón nGrúpa Athbhreithnithe um Chomhar Idirnáisiúnta i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le tríú tíortha aonair agus le dlínsí.

(5) Thug TFGA a liosta de na 'Dlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' cothrom le dáta. Ag na cruinnithe iomlánacha a bhí aige i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2025, chuir TFGA an Bholaiv agus Ógh-Oileáin na Breataine leis an liosta sin, agus bhain sé Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin den liosta sin.

([1]) IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1675/oj).

(6) Rinne an Bholaiv gealltanas polaitiúil ardleibhéil i mí an Mheithimh 2025 chun oibriú le TFGA agus le Grupo de Acción Financiera de Latinoamérica, arb é a comhlacht réigiúnach de chineál TFGA é, chun éifeachtacht a córais SA/MSC a neartú. Ó glacadh a tuarascáil meastóireachta frithpháirtí i mí na Nollag 2023, tá dul chun cinn mór déanta ag an mBolaiv maidir le gníomhaíochtaí áirithe a mholtar sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí, lena n-áirítear feabhas a chur ar a tuiscint ar riosca an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta; táirgeadh agus scaipeadh faisnéise airgeadais oibríochtúla agus straitéisí a fheabhsú; urghabháil agus forghéilleadh na bhfáltas ó choireacht a neartú; inniúlacht a mhéadú chun cionta a bhaineann le maoiniú na sceimhlitheoireachta a imscrúdú; agus feabhas a chur ar a próiseas chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta agus maidir le maoiniú leata. Leanfaidh an Bholaiv de bheith ag obair le TFGA chun a plean gníomhaíochta TFGA a chur chun feidhme trína áirithiú gur féidir teicnící imscrúdaitheacha speisialta ábhartha a úsáid in imscrúduithe sciúrtha airgid; trí mhaoirseacht rioscabhunaithe a chur chun feidhme ar ghníomhairí réadmhaoine, ar dhlíodóirí, ar chuntasóirí agus ar dhéileálaithe i miotail lómhara agus clocha lómhara; trína áirithiú go mbeidh faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil cruinn agus cothrom le dáta agus go ngearrfar pionós ar sháruithe ar na hoibleagáidí gaolmhara; agus trí imscrúduithe agus ionchúisimh sciúrtha airgid a mhéadú. Agus an tiomantas agus an dul chun cinn atá déanta ag an mBolaiv go dtí seo á n-aithint aige agus gur díol sásaimh aige iad, agus iarrachtaí breise á spreagadh aige, measann an Coimisiún nár thug an Bholaiv aghaidh iomlán fós ar na heasnaimh straitéiseacha arb é an toradh a bhí orthu gur cuireadh le liosta TFGA de na 'Dlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' í. Dá bhrí sin, ba cheart an Bholaiv a mheas mar thríú tír ardriosca.

(7) Rinne Ógh-Oileáin na Breataine gealltanas polaitiúil ardleibhéil i mí an Mheithimh 2025 chun oibriú le TFGA agus leis an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais do Stáit Mhuir Chairib, arb é a gcomhlacht réigiúnach de chineál TFGA é, chun éifeachtacht a gcórais SA/MSC a neartú. Ó glacadh tuarascáil meastóireachta frithpháirtí Ógh-Oileáin na Breataine i mí na Samhna 2023, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Ógh-Oileáin na Breataine maidir le gníomhaíochtaí áirithe a mholtar sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí, lena n-áirítear méadú a dhéanamh ar iarrataí ar chomhar idirnáisiúnta; straitéis a bhunú chun maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus feabhas a chur ar na próisis anailíseacha chun cásanna maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithint; measúnú riosca a dhéanamh ar earnáil na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus na heagraíochtaí neamhbhrabúsacha sonracha atá i mbaol de dheasca mhí-úsáid mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a shainaithint; feabhas a chur ar chomhordú, ar fhorrochtain agus ar oiliúint chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a bhaineann le maoiniú na sceimhlitheoireachta agus le maoiniú leata a chur chun feidhme; agus feabhas a chur ar an maoirseacht agus ar an bhfaireachán ar chur chun feidhme smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a dhéanann institiúidí airgeadais agus gnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe. Leanfaidh Ógh-Oileáin na Breataine de bheith ag obair le TFGA chun a bplean gníomhaíochta TFGA a chur chun feidhme trí fheabhas a chur ar mhaoirseacht rioscabhunaithe ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe agus cuideachta, ar ghnólachtaí infheistíochta agus ar sholáthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla; trína áirithiú go mbeidh faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil atá cruinn agus cothrom le dáta ar fáil d'údaráis inniúla agus go ngearrfar pionós ar sháruithe ar na hoibleagáidí gaolmhara; trí fheabhas a chur ar cháilíocht na dtuarascálacha ar ghníomhaíochtaí amhrasacha agus trína áirithiú go bhfuil an tuairisciú i gcomhréir le riosca; trí imscrúduithe agus ionchúisimh sciúrtha airgid a shaothrú go córasach i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leo; trí urghabháil agus coigistiú na bhfáltas ó choireacht a mhéadú; agus tríd an gcreat bainistíochta sócmhainní nua a oibríochtú. Agus an tiomantas agus an dul chun cinn atá déanta ag Ógh-Oileáin na Breataine go dtí seo á n-aithint aige agus gur díol sásaimh aige iad, agus iarrachtaí breise á spreagadh aige, measann an Coimisiún nár thug Ógh-Oileáin na Breataine aghaidh iomlán fós ar na heasnaimh straitéiseacha arb é an toradh a bhí orthu gur cuireadh le liosta TFGA de na 'Dlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' iad. Dá bhrí sin, ba cheart Ógh-Oileáin na Breataine a mheas mar thríú tír ardriosca.

(8) Dá réir sin, ba cheart an Bholaiv agus Ógh-Oileáin na Breataine a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

(9) Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar an dul chun cinn atá déanta ag Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh straitéiseacha ina gcóras SA/MSC. Liostaítear na dlínsí sin mar thríú tíortha ardriosca le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

(10) Ba dhíol sásaimh do TFGA an dul chun cinn atá déanta ag Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin chun feabhas a chur ar a gcórais SA/MSC. Thug TFGA dá aire freisin gur bhunaigh na dlínsí sin creataí dlíthiúla agus rialála chun na gealltanais ina bpleananna gníomhaíochta faoi seach maidir leis na heasnaimh straitéiseacha arna sainaithint ag TFGA a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, bhain TFGA Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin dá liosta de na 'Dlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2025. Dá réir sin, níl Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin faoi réir phróiseas faireacháin TFGA a thuilleadh faoina phróiseas leanúnach domhanda comhlíontachta SA/MSC agus leanfaidh siad de bheith ag obair lena gcomhlachtaí réigiúnacha de chineál TFGA chun a gcórais SA/MSC a neartú a thuilleadh.

(11) Neartaigh Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin éifeachtacht a gcóras SA/MSC agus thug siad aghaidh ar easnaimh theicniúla chun na gealltanais ina bpleananna gníomhaíochta maidir leis na heasnaimh straitéiseacha arna sainaithint ag TFGA a chomhlíonadh. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach bhfuil easnaimh straitéiseacha ag Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas ná an Tansáin a thuilleadh ina gcórais SA/MSC. Dá bhrí sin, is iomchuí Buircíne Fasó, Mailí, Mósaimbíc, an Nigéir, an Afraic Theas agus an Tansáin a bhaint den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I bpointe I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Uimh.	Tríú tír ardriosca
1	an Afganastáin
2	an Ailgéir
3	Angóla
4	an Bholaiv
5	Ógh-Oileáin na Breataine
6	Camarún
7	an Cósta Eabhair
8	Poblacht Dhaonlathach an Chongó
9	Háití
10	an Chéinia
11	Laos
12	an Liobáin
13	Monacó
14	Maenmar
15	an Namaib
16	Neipeal
17	an tSúdáin Theas
18	an tSiria
19	Oileán na Tríonóide agus Tobága
20	Vanuatú
21	Veiniséala
22	Vítneam
23	Éimin'